Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**14535/18**

**INST 457**
**POLGEN 224**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Comhairliúcháin leis na saoránaigh<br>- An Tuarascáil Chomhpháirteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, tuarascáil chomhpháirteach maidir le comhairliúcháin leis na saoránaigh thar ceann Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht inteachta na Rómáine.

**Réamhrá**
Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu ar an 23 Feabhra 2018, phléigh Cinn Stáit nó Rialtais an tionscnamh a chuir Uachtarán na Fraince i láthair chun próiseas uile-Eorpach maidir le comhairlúcháin leis na saoránaigh a sheoladh. Ba éard a bhí i gceist leis an tionscadal atá beartaithe ná rannpháirtíocht leis na saoránaigh a chur chun cinn agus cur leis an díospóireacht faoina bhfuil i ndán don Eoraip. Tháinig na Ballstáit ar chomhaontú go mbeidís rannpháirteach go deonach sa phróiseas agus go rachaidís i mbun comhairliúcháin i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta agus leis an gcomhthéacs náisiúnta.

Ba éard b'aidhm le comhairliúcháin leis na saoránaigh go mbeadh líon mór de shaoránaigh na hEorpa rannpháirteach agus go n-aithneofaí a bhfuil ag dó na geirbe acu agus an méid a bhfuil siad ag súil agus ag dréim leis, chun go gcuirfí le plé na gCeann Stáit nó Rialtais agus go gcuideofaí leo na tosaíochtaí do ghníomhaíocht an Aontais a leagan amach sna blianta atá amach romhainn. Ceapadh an próiseas comhairliúcháin ionas go n-aithneofaí a bhfuil ag dó na geirbe ag saoránaigh na hEorpa agus chun smaointe a bhailiú.

Tá traidisiún seanbhunaithe sna Ballstáit leas a bhaint as idirphlé le saoránaigh le go bhféadfaí rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas polaitiúil a áirithiú agus a fheabhsú. Is léiriú é an gealltanas a thug na Ballstáit ar an gcéad uair ar comhaontaíodh tabhairt faoi chomhairliúcháin chomhuaineacha le saoránaigh ar fud na hEorpa ar bhealach comhordaithe comhpháirteach, agus is rannchuidiú uathúil é don phróiseas machnaimh leanúnach maidir lena bhfuil i ndán don Eoraip.

Beidh an tuarascáil chomhpháirteach, in éineacht leis na tuarascálacha éagsúla náisiúnta agus an t-ionchur ó institiúidí Eorpacha eile, mar chuid den díospóireacht as a n-eascróidh an cruinniú neamhfhoirmiúil leis na Cinn Stáit nó Rialtais ar an 9 Bealtaine in Sibiu agus beidh sé mar chabhair don Chlár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024.

**Modheolaíocht agus Rannpháirtíocht**
Rinne na Ballstáit creat comhpháirteach a bhailíochtú inar cuimsíodh an amlíne atá beartaithe agus prionsabail chomhchoiteanna le haghaidh comhairliúcháin. Bhí na Ballstáit ar aon tuairim gur chomhairliúcháin chuimsitheach neamhpháirtíneacha a bheadh ann ina n-urramófaí prionsabail na trédhearcachta, an t-iolrachas polaitiúil agus an chothroime agus go mbeadh fáil ag gach saoránach orthu. Ba le linn mhí Aibreáin agus mhí na Samhna a tionóladh comhairliúcháin leis na saoránaigh den chuid is mó, chun críocha, *inter alia*, tuarascáil achomair a chur faoi bhráid na gCeann Stáit nó Rialtas ag an gComhairle Eorpach.

Fágadh faoi rogha na mBallstát an mhodheolaíocht shonrach a bhí le húsáid sna chomhairliúcháin. Chomhaontaigh na Ballstáit ón tús an próiseas a bhunú ar a gcleachtais náisiúnta, a gcomhthéacsanna sonracha agus a dtraidisiún sonrach faoi seach. Iarracht chomhpháirteach nach beag a bhí inti ó thaobh lóistíochta, ullmhúcháin agus comhordúcháin de, agus na Ballstáit ag dul i dteagmháil le saoránaigh i réimse suíomhanna: cruinnithe i hallaí baile traidisiúnta, comhdhálacha, imeachtaí poiblí ar mhórscála, díospóireachtaí idirghníomhacha agus uirlisí ar líne. Baineadh úsáid as an teicneolaíocht nua agus as na meáin shóisialta ag formhór na n-imeachtaí, lena n-áirítear beoshruthú, ceistneoirí ar líne, ardáin dhigiteacha agus sluafhoinsiú smaointe.

Bhí an próiseas i ngach Ballstát éagsúil ó thaobh rannpháirtíocht an rialtais agus ó thaobh líon imeachtaí agus líon rannpháirtithe de. Is é a bhí i gcoiteann ag na comhairliúcháin ar fad ná gur díríodh ar dhianphlé agus idirghníomhaíochtaí leis an bpobal iontu. Cuireadh rannpháirtíocht na n-ilgeallsealbhóirí chun cinn i gcuid mhór imeachtaí sa réimse polaitiúil, sa tsochaí shibhialta, sa saol acadúil, sna meáin agus san earnáil ghnó.

Lucht éisteachta éagsúil a bhí ag na comhairliúcháin i gcoitinne, agus é mar aidhm leo an comhionannas inscne agus an chuimsitheacht a áirithiú agus ionadaíocht a dhéanamh ar gach grúpa den daonra a bheag nó a mhór. Bhí cuid mhaith Ballstát a rinne iarracht dul i dteagmháil le saoránaigh ar fud a gcríche, lena n-áirítear réigiúin iargúlta, agus dul i bhfeidhm ar shaoránaigh nach mbíonn rannpháirteach i ndíospóireachtaí faoi ghnóthaí an Aontais de ghnách. D'eagraigh roinnt Ballstát imeachtaí a bhí dírithe ar an nglúin óg, lena n-áirítear díospóireachtaí i scoileanna agus sna hollscoileanna.

Bhain formhór na mBallstát úsáid as dhá chineál cur chuige: díospóireachtaí ginearálta faoina bhfuil i ndán don Eoraip agus comhairliúcháin théamacha faoi ábhair ar díol spéise iad faoi láthair ó thaobh an leasa náisiúnta agus an leasa Eorpaigh de.

Ainneoin nár cur chuige eolaíoch chun eolas a chur ar thuairimí an phobail (cf. pobalbhreitheanna) a bhí i gceist leis na comhairliúcháin leis na saoránaigh, bhí raon feidhme níos mó acu ó thaobh rannpháirtíochta de ná mar a bhíonn i gcás suirbhéanna amhail an Eorabharaiméadar caighdeánach. Tugtar le tuiscint sna figiúirí gur eagraíodh 1 700 imeacht ar fud an Aontais.

Cé is moite de na comhairliúcháin a d'eagraigh na Ballstáit, chuaigh an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Coiste na Réigiún, agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i mbun comhairliúcháin agus plé le saoránaigh faoina bhfuil i ndán don Eoraip. Sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ar líne ina raibh ceistneoir a bhí bunaithe ar thorthaí ceann de phainéil na saoránach. Beidh roinnt de na ceisteanna sin san Eorabharaiméadar Speisialta nua faoina bhfuil i ndán don Eoraip. Arna iarraidh sin d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí, d'eagraigh Coiste na Réigiún líon mór imeachtaí i réigiúin éagsúla de chuid na hEorpa le dhá bhliain anuas, a fhad agus a rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa rannpháirtíocht gheallsealbhóirí lárnacha na sochaí sibhialta in idirphlé faoina bhfuil i ndán don Eoraip a chur chun cinn. Thionóil Parlaimint na hEorpa Parlaimint na nÓg den chéad uair riamh.

Ní mhaítear sa tuarascáil go dtugtar forléargas ionadaíoch ar thuairimí an phobail i measc shaoránaigh uile an Aontais, ná ní mhaítear go dtugtar a cheart don iliomad tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl ag an oiread sin imeachtaí. Mar sin féin, tugtar léargas fiúntach ar thuairimí na saoránach ar ábhair an Aontais agus cuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh an tsochaí shibhialta rannpháirteach i gcónaí sa díospóireacht faoina bhfuil i ndán don Eoraip. Is éard is aidhm leis ná forléargas a thabhairt ar na gnéithe is suntasaí agus na teachtaireachtaí is coitianta sna tuarascálacha náisiúnta maidir leis na comhairliúcháin sna Ballstáit éagsúla.

**Na príomhthorthaí**

Léirítear sna comhairliúcháin leis na saoránaigh sna Ballstáit éagsúla, ainneoin na ndúshlán lena mbaineann, go bhfuil dearcadh dearfach i leith an Aontais ag formhór na rannpháirtithe. I roinnt Ballstát aithníonn na saoránaigh go mór mór, an fiúntas a bhaineann le ballraíocht a dtíre san Aontas agus na buntáistí a ghabhann leis sin. Ina dhiaidh sin féin, aithníonn cuid de na rannpháirtithe go bhfuil an tAontas á choimeád siar ag easpa fís shoiléir agus ag a laghad ceannaireacht fhollasach atá ann, rud a fhágann go bhfuil athchóiriú á lorg.

Ní dhéantar tagairt do Brexit ach i líon beag tíortha. I gcás ina ndéantar tagairt dó, is cúis mhór imní é, ach glactar leis go bhfuil caidreamh níos dlúithe idir AE27 dá bharr agus tuiscint níos fearr ag na saoránaigh féin ar a thábhachtaí atá an tAontas agus an fiúntas a bhaineann leis an mballraíocht.

I gcuid mhaith tíortha is iad an imirce, dúshláin an chomhshaoil, agus an t-oideachas na hábhair is mó a tharraingítear anuas. Cuireann na saoránaigh ábhair imní - agus an méid a bhfuil súil acu leis - sna réimsí seo a leanas in iúl:

*1 - Aontas atá slán sábháilte*

I gcuid mhaith de na tuarascálacha, tá **an imirce** ar cheann de na príomhábhair imní atá ag saoránaigh an Aontais. Tugtar ardtosaíocht di i gcónaí i mbeagnach gach Ballstát. I roinnt Ballstát, cuirtear béim ar leith ar an imirce neamhdhleathach mar cheann de na dúshláin is mó atá os comhair na hEorpa. Táthar den tuairim go n-éilíonn an imirce gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontas agus go bhfuil tionchar díreach aici ar shaol na saoránach. Is minic a éilítear **cosaint** níos fearr **ar theorainn sheachtrach an Aontais** sna díospóireachtaí faoin ábhar seo. Ag an am céanna, aithníonn na saoránaigh i gcuid mhór tíortha riachtanas daonnúil ó thaobh an Aontais de. Is minic a dhéantar tagairt do **chomhbheartas tearmainn an Aontais**, do shásraí dáileacháin, agus do dhlúthpháirtíocht agus freagracht na mBallstát féin. Ina theannta sin, bíodh is go bhfuil roinnt saoránach sásta le lánpháirtiú na n-imirceach mar atá faoi láthair, tá saoránaigh eile den tuairim nach mór tuilleadh a dhéanamh go beo i dtaca leis sin.

Is iomaí a iarrtar ar an Aontas níos mó a dhéanamh chun **srian a chur ar shreabha imirce neamhdhleathacha**. Ceapann na saoránaigh i gcuid mhaith Ballstát go bhféadfadh an tAontas a thuilleadh a dhéanamh chun an imirce neamhdhleathach a laghdú trí dhul i ngleic leis an méid is príomhchúis léi agus feabhas a chur ar an tslándáil, ar dhálaí maireachtála agus ar an rathúnas i dtíortha tionscnaimh, cuir i gcás, trí chabhair um fhorbairt, trádáil agus infheistíocht, agus béim láidir á cur ar thacaíocht a thabhairt don fhás eacnamaíoch ar chríoch na hAfraice. Is mian leo go gcuirfeadh an tAontas comhar níos fearr ar bun leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais le go bhféadfaí fillteacha a éascú. Creideann siad gur cheart don Aontas a fhreagrúlacht i gcás géarchéime a mhéadú agus dul i mbun iltaobhachas éifeachtach chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Ar deireadh, dar le formhór na saoránach, i bhfianaise cineál trasteorann saincheisteanna amhail **an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an éillitheacht** agus bagairtí gaolmhara eile, nach mór a bheith níos diongbháilte ar leibhéal an Aontais agus aghaidh á thabhairt ar na saincheisteanna sin. D'iarr na saoránaigh go mbeadh tuilleadh comhair ann ó thaobh **na cibearshlándála** agus **cosaint sonraí** de, agus léirigh cuid mhaith saoránach gurb ábhar imní dóibh **an bhréagaisnéis**, rud a cuireadh chun suntais a thábhachtaí atá litearthacht sna meáin i measc an phobail i gcoitinne.

*2 - Aontas um chóineasú agus um iomaíochas*

I roinnt de na Ballstáit, leag na saoránaigh béim ar a thábhachtaí atá an **margadh aonair** agus an breisluach lena mbaineann chun fás eacnamaíoch ar fud na hEorpa a bhaint amach. Is minic a bhíonn éileamh sna sála air sin le go ndéanfaí é a chomhlánú, go háirithe i réimsí na seirbhísí agus an mhargaidh dhigitigh. Cuireann na saoránaigh i dtreis gur gá don Aontas **samhail d'fhás inbhuanaithe** ar an mór-roinn a chur chun cinn. Iarrann roinnt saoránach go ndéanfaí **an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta** a dhoimhniú. I dtíortha áirithe, déantar tagairt don euro agus do bhallraíocht sa **limistéar euro** amach anseo – agus téarmaí dearfacha agus diúltacha á n-úsáid acu – agus is minic a dhéantar ceangal idir sin agus an gá le tuilleadh a dhéanamh chun aon ghéarchéim a chosc amach anseo.

Léirigh na saoránaigh gur gá don Aontas cos a choimeád leis na forbairtí teicneolaíocha sin. Chuir roinnt de na saoránaigh in iúl gur mian leo go mbainfí úsáid as bearta **r-rialachais** níos minice, agus go ndéanfaí **pobail chliste** a fhorbairt chun inneall socheacnamaíoch an Aontais a neartú. Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh **réabhlóid dhigiteach** nua chugainn, léirítear sna comhairliúcháin gur tugadh faoi deara gur gá an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus an nuálaíocht dhigiteach a spreagadh. Ba léir go rabhthas i bhfabhar infheistíocht chliste láidir a dhéanamh i dtaighde sa réimse sin. Is minic a luaitear earnáil na **hintleachta saorga**, cuir i gcás, agus gur cheart don Aontas a bheith ina cheannródaí sa réimse sin. Tá eagla ar go leor saoránach go dtitfeadh an tAontas chun deiridh nó nach leor an méid atá ar bun aige i réimse **an taighde**, na forbartha teicneolaíche, **na nuálaíochta** agus an digitithe.

Meastar gur príomhbhealach é, freisin, chun feabhas a chur ar an **bhfiontraíocht** san Eoraip borradh a chur faoi **fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus tacaíocht a thabhairt** dóibh, rud a chuirfeadh dlús le **hiomaíochas** an Aontais. Is é a chreideann saoránaigh i roinnt Ballstát go bhfuil an t-iomaíochas tábhachtach d'fhonn cur le dul chun cinn agus fás, ach fós féin, bíonn caighdeáin agus cáilíochtaí éagsúla na dtáirgí ar fud an Aontais á gcáineadh acu. Ar thaobh amháin, mar sin, táthar ag iarraidh an t-iomaíochas a chur chun cinn, ach ar an taobh eile is é an **cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta** agus cur chun cinn an **chomhtháthaithe** chríochaigh atáthar a iarraidh.

Bhí meascán de thuairimí ann i dtaca leis an **gcánachas**. Tá roinnt saoránach a mheasann go bhfuil gá le tionscnaimh reachtacha maidir leis an gcánachas, amhail an cánachas digiteach, nó le comhchuibhiú na mbeartas cánach, fiú. Ach, os a choinne sin, is é a iarradh freisin go bhfágfaí an cánachas ina inniúlacht náisiúnta.

Filltear go minic sna comhairliúcháin ar ábhar na n-acmhainní buiséadacha, i gcomhthéacs an chéad **Chreat Airgeadais Ilbhliantúil** eile, ar caoi é sin chun a áirithiú go mbeidh an tAontas oiriúnach don fheidhm. Cuireadh réimse barúlacha in iúl maidir le dáileadh acmhainní, lena n-áirítear meascán de mhothúcháin faoi chiorruithe buiséid a d'fhéadfadh a bheith ann agus a dhéanfadh difear don chomhbheartas talmhaíochta agus don bheartas comhtháthaithe. Tá saoránaigh i gcuid mhaith Ballstát ag iarraidh go mbeadh buiséad cothrom ag an Aontas ina soláthrófaí breisluach soiléir do shaoránaigh.

*3 — Aontas a chosnaíonn an comhshaol agus a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn*

Tá sé suntasach sna comhairliúcháin sa chuid is mó de na Ballstáit go n-iarrann saoránaigh go neartófaí ról an Aontais sa bheartas comhshaoil, agus go gcreideann siad go bhfuil géarghá le gealltanas níos láidre maidir le **cosaint an chomhshaoil agus na haeráide**. Ar na moltaí a rinneadh tá tuilleadh reachtaíocht a dhéanamh san Aontas sa réimse sin (agus go mbeidh an **reachtaíocht** sin níos déine), tuilleadh idirghabháil i maoirseacht na mBallstát agus reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an réimse sin á **cur chun feidhme** acu, agus tuilleadh tionscnaimh chomhshaoil a thíolacadh. Luaigh rannpháirtithe go sainráite, i measc nithe eile, laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí tocsaineacha agus truailleán, agus feabhas a chur ar bhearta athchúrsála agus ar leas ainmhithe. Creideann na saoránaigh i roinnt Ballstát gur cheart cion níos mó den chéad chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (CAI) a chaitheamh ar an **ngníomhú ar son na haeráide**.

I gcás beagnach gach Ballstát, luaigh saoránaigh (saoránaigh óga go háirithe) an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide/an téimh dhomhanda arís agus arís eile, agus **meastar go bhfuil sé ar cheann de na dúshláin is mó atá os comhair an Aontais**. I gcásanna áirithe, feictear gur frithbhearta in aghaidh an bheartais náisiúnta iad na ceanglais i mbeartas cosanta aeráide an Aontais. Bhí an tuairim ann go ndéanann an t-athrú aeráide difear do raon réimsí beartais: ní hamháin an ghiniúint fuinnimh agus an iompar, ach an talmhaíocht agus an bia freisin, ár nósanna itheacháin san áireamh. Ar bhonn ginearálta, thug saoránaigh le fios go bhfuil gá le **tomhaltas inbhuanaithe**.

Is minic a tarraingíodh anuas saincheist na **hinbhuanaitheachta**, lena n-áirítear an bharúil gur cheart an nuálaíocht a mheas i dtéarmaí an luacha fhadtéarmaigh a chuirfidh sé ar fáil do shaoránaigh. Cé go dtugtar aird i dtograí áirithe ar chritéir chomhshaoil agus shóisialta a bheith i rialacháin, is dóigh le rannpháirtithe eile gurbh fhearr dlús Eorpach a chur le téamaí amhail táirgeadh bia áitiúil, an geilleagar ciorclach agus an uaschúrsáil.

Ina theannta sin, leag saoránaigh i roinnt Ballstát béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh spriocanna inbhuanaitheachta sa **bheartas talmhaíochta**. Cé gur chuir siad imní in iúl maidir le tionchar na feirmeoireachta nua-aimseartha ar an gcomhshaol, d'iarr siad freisin go gcosnófaí ceantair thuaithe agus go ndéanfaí iarracht mhór an bhearna idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha a dhruidim.

I gcásanna áirithe, léirítear sa phlé go mothaítear nach bhfuil **oideachas** leordhóthanach ar fáil maidir le beartas comhshaoil an Aontais agus go bhfuil easpa dreasachtaí praiticiúla a spreagfadh daoine "glasú" a dhéanamh. Leag saoránaigh i roinnt Ballstát béim faoi leith ar an ngá le dreasachtaí a spreagfadh **an t-aistriú chuig fuinnimh inathnuaite**. Lena chois sin, iarradh i roinnt Ballstát go ndéanfaí tuilleadh rannpháirtíochta agus díospóireachta maidir leis an gcaoi a mbíonn tionchar ar shaol laethúil na ndaoine ag clár oibre an ghníomhaithe ar son na haeráide.

Cé go luaitear go minic gur rud dearfach é atá bainte amach ag an Aontas an bonneagar trasteorann a tógadh cheana **i réimse an tsoláthair leictreachais agus i réimse na soghluaisteachta**, feictear do rannpháirtithe i roinnt tíortha go bhfuil géarghá le comhstraitéis soghluaisteachta Eorpach a fhorbairt. Chuir roinnt saoránach i dtreis gur ghá don Eoraip gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an soláthar fuinnimh a bheidh ann amach anseo, i réimsí amhail giniúint cumhachta gualbhreoslaithe a chéimniú amach.

Leagtar béim freisin ar **ról comhshaoil domhanda** an Aontais a fheabhsú, ar cuspóir tábhachtach é i gcomhthéacs athraitheach dúshlánach idirnáisiúnta. Ba mhian le cuid mhór de na rannpháirtithe go mbeadh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta domhanda maidir le clár oibre na hinbhuanaitheachta a leagan amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide.

*4 - Aontas le haghaidh folláine agus deiseanna*

Is mór an t-ábhar imní do shaoránaigh **an chosaint shóisialta**. Níl siad ar aon intinn, áfach, faoin méid ba cheart don Aontas a dhéanamh sa réimse sin. Tá na rannpháirtithe i roinnt Ballstát an-chosantach ar a gcórais slándála sóisialta náisiúnta. Mar sin féin, ba mhian le roinnt mhaith go mbeadh ról níos láidre ag an Aontas maidir leis an méid a leanas a chomhrac: an bhochtaineacht, an t-eisiamh sóisialta, an dífhostaíocht, an leithcheal, bagairtí ar chearta oibrithe, rochtain theoranta ar sheirbhísí agus fadhbanna a eascraíonn as athruithe sochaíocha agus teicneolaíochta (mar shampla an gá leis an **mbearna dhigiteach** a líonadh). Chuir na saoránaigh in iúl arís agus arís an imní atá orthu maidir leis an easpa - nó an bhagairt, fiú - a bhraith siad i dtaca le **cóineasú caighdeán sóisialta agus maireachtála** idir agus laistigh de na Ballstáit.

**Moltaí sonracha** - Bhí saibhreas mór sna smaointí agus sna moltaí a chuir na saoránaigh leis an díospóireacht faoin Eoraip a bheidh ann amach anseo, agus an-éagsúlacht iontu sin freisin. Seo a leanas roinnt samplaí ó Bhallstáit éagsúla ar as na réimsí téamacha iad:

- córas pacáistíochta aontaithe atá faoi réir taisce a bheith san Aontas chun dramhaíl pacáistíochta a laghdú; agus córas éigeantach athchúrsála le haghaidh buidéil TPE ar fud an Aontais

- Ollinnéacs Folláine Eorpach

- *curriculum* oideachais saoránachta sibhialta Eorpaí a bheith sna córais oideachais uile ar fud an Aontais

- ba cheart an caighdeán céanna seirbhíse a thairiscint i dtaca le hardáin idirlín ar fud na mBallstát san Aontas

- lá saoire poiblí Eorpach ar Lá na hEorpa

Iarrtar go neamhbhalbh go gcuirfí tuilleadh post ar fáil agus go mba **phoist** mhaithe iad sin. Tá na saoránaigh i roinnt tíortha ag iarraidh go ndéanfaí rialacha **mhargadh an tsaothair** a chomhordú, lena n-áirítear rochtain agus soghluaisteacht. Leag a lán saoránach béim ar leith ar an aos óg agus ar an eagla go n-imeodh daoine oilte thar lear, rud a éascaítear le saorghluaiseacht daoine. Is paradacsa é go bhfeictear do roinnt mhaith saoránach go bhfuil an tsaorghluaiseacht sin ar cheann de na tairbhí is tábhachtaí a thagann as bheith i do bhall den Aontas. Is ábhar tábhachtach do na saoránaigh é **todhchaí na hoibre** agus an chaoi a ndéanfaidh sé difear dóibh, agus is ábhar tábhachtach freisin é an **comhionannas inscne**. Dearbhaíonn go leor daoine gur gá aghaidh a thabhairt ar an mbearna ioncaim idir na hinscní agus ar na bacainní atá ann fós roimh mhná agus iad ag dul isteach sa mhargadh fostaíochta. Is minic a cheanglaíonn rannpháirtithe an déimeagrafaic ghinearálta, agus daonra atá ag dul in aois, le saincheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair go háirithe, agus leis an **gcúram sláinte**. Creidtear go ginearálta nach ndéanann an tAontas ina iomláine go leor chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte agus ar an neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch.

Tá tuilleadh gníomhaíocht i réimse an **oideachais** ar leibhéal an Aontais á éileamh go tréan, freisin, ag na saoránaigh. Tá na héilimh sin dírithe go príomha ar scileanna nua a fhorbairt i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, ar shoghluaisteacht oideachais a mhéadú, ar aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhioplómaí agus do cháilíochtaí gairmiúla agus teicniúla, agus ar infheistíocht a mhéadú i réimse na heolaíochta agus an taighde agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. De ghnáth, is é **Erasmus +** a luaitear agus iad ag trácht ar na scéimeanna is rathúla de chuid an Aontais, agus deirtear gur cheart an scéim sin a threisiú a thuilleadh. Ba cheart foghlaim teangacha eile de chuid na hEorpa a spreagadh, dar le go leor de na rannpháirtithe.

*5 - Aontas láidir os comhair an domhain mhóir*

Cé nach minic a luadh é, is fíor go ginearálta go nglactar leis gurb é **a mhaith mhór a dhéanann an tAontas don domhan**, agus leag na saoránaigh béim ar an gcumhacht normatach a bhíonn aige i gcaidreamh ar bith le tríú tíortha. Feictear dóibh go n-éiríonn leis an Aontas piarbhrú - cumhacht an dea-shampla - a úsáid chun a chuid luachanna a chur chun tosaigh lasmuigh dá theorainneacha féin, go háirithe luachanna sin an daonlathais agus chearta an duine. Is iomaí éileamh a rinneadh go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais faoi threoir na luachanna sin sa chaidreamh a bhíonn aige le tríú tíortha; aithnítear freagracht dhomhanda agus riachtanas morálta sa mhéid sin. Is minic a cheanglaítear an t-éileamh sin leis an mian go rachadh an tAontas i gceannas domhanda ar réimsí áirithe, agus go háirithe i réimse na cosanta comhshaoil.

Tá na saoránaigh ar aon intinn gur gá don Aontas rannpháirtíocht níos dlúithe a dhéanamh i ngnóthaí an domhain, agus gur gá **cur le chéile a thuilleadh** maidir le beartas eachtrach, d'fhonn a chuid leasanna agus a chuid luachanna féin a chaomhnú, agus, rud atá níos tábhachtaí fós, a chuid saoránach a chosaint. Is minic a fheictear do rannpháirtithe go mbíonn an tAontas rólag, nach mbíonn a sháith tionchair aige ar an leibhéal domhanda agus, uaireanta, nach mbíonn sé in ann déileáil leis na géarchéimeanna atá ar siúl ina chomharsanacht straitéiseach. Meastar go mbíonn **easpa éifeachtacht agus inchreidteacht** i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus iarrtar go ndéanfaí an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a neartú. Chuir saoránaigh i dtreis a riachtanaí atá sé **labhairt d'aon ghuth**, go háirithe i gcomhthéacs chaidreamh an Aontais leis na mórchumhachta eile (na Stáit Aontaithe, an tSín agus an Rúis). Sa mhéid sin, is iad an beartas cosanta, an méadú agus an trádáil atá i gceist.

Is iomaí saoránach a cheapann nár cheart don Aontas a bheith ag brath ar ghníomhaithe eile **maidir lena shlándáil agus lena chosaint féin**. Tá go leor ann, áfach, arb é a meas gur cheart d'aon chur chuige de chuid an Aontais ECAT a chomhlánú seachas é a bheith ann ina áit sin. Táthar ann nach molfadh ach feabhas a chur ar chomhordú agus comhtháthú na gcumas náisiúnta míleata agus sibhialta; is minic a d'iarr go leor eile go gceapfaí comhbheartas cosanta dá dtabharfaí acmhainní dílse. Ba mhian le roinnt saoránach níos mó plé poiblí ar thionscnaimh chosanta, amhail an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO).

Ina theannta sin, tá na saoránaigh den bharúil gur i gcroílár bheartais **chomharsanachta agus mhéadaithe** an Aontais ba cheart aird a thabhairt ar luachanna. Níor mhian leo go ndéanfaí baill ach de na tíortha sin a thabharfadh isteach do luachanna agus noirm an Aontais agus an daonlathais. Níltear ar aon intinn faoin tráthúlacht, áfach. Cé go bhfuil roinnt daoine ag tacú go neamhbhalbh le méadú a chuimseodh na Balcáin Thiar, chuir an tromlach i dtreis gur ghá don Aontas a stádas reatha a chomhdhlúthú sula bhféadfaí tuilleadh méadaithe a dhéanamh. Feictear do na saoránaigh i gcoitinne gurb ann do pheirspictíocht láidir Eorpach i dtaca leis na Balcáin Thiar, agus feictear do shaoránaigh i mBallstáit áirithe, gurb ann do pheirspictíocht, nach bhfuil chomh láidir céanna áfach, i dtaca le roinnt tíortha i gcomharsanacht an Oirthir.

Ceaptar gur caidreamh dearfach é caidreamh **trádála** an Aontais go ginearálta, ach tá imní ann maidir le caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil i gcomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha, rud a athdhearbhaíonn gur mhian le saoránaigh Eorpacha go ngníomhódh an tAontas ar bhonn a chuid luachanna coiteanna. Iarrann roinnt saoránach ar an Aontas an chumhacht eacnamaíoch atá aige a úsáid a thuilleadh d'fhonn tionchar a imirt go domhanda.

*6 - Aontas le haghaidh luachanna agus le haghaidh na héagsúlachta*

Is ábhar imní ar a bhfilleann roinnt tíortha na **deighiltí idir na Ballstáit**. Athdhearbhaíonn saoránaigh, go háirithe iad siúd ó na Ballstáit bheaga, go bhfeictear dóibh nach ann d'fhíor-chomhpháirtíochta idir tíortha beaga agus tíortha móra, agus gur fadhb é sin. Is minic a cheaptar gurb iad leasanna na ngníomhaithe go príomha a thiomáineann beartais an Aontais, cé gur cinnte nach bhfuiltear uile den dearcadh céanna sin. I bpléití a rinneadh i roinnt Ballstát freisin tarraingíodh aird ar **easpa cothromaíochta agus ar chaighdeáin dhúbailte**, agus is é an tuairim a bhí ann nach i gcónaí ar bhealach aonfhoirmeach a cuireadh rialacha i bhfeidhm. Is minic a tarraingíodh aird ar dheighiltí eile nach iad idir tíortha beaga agus tíortha móra - na deighiltí sin idir 'seanbhaill' agus 'baill óga' an Aontais, mar shampla, agus deighiltí gheografacha, freisin. Mar fhreagairt dó sin, iarrtar go rímhinic tuilleadh **comhtháthaithe** agus tuilleadh **dlúthpháirtíochta** a shaothrú.

In ainneoin na ndeighiltí sin, aithníonn tromlach a saoránach gurb é **a maith mhór a dhéanann** an tAontas Eorpach orthu, agus gur comhphobal é a dhaingnítear lena **chomhluachanna**. Ní lia duine ná tuairim, ar ndóigh. Is iad cearta an duine, an smacht reachta, an tsíocháin agus an daonlathas na luachanna is mó trácht orthu. Is díol suntais é ról áirithe na **síochána** ar an mór-roinn atá ag an Aontas. Ach i bpléití le saoránaigh is gnách, freisin, go dtugtar suntas do na lochtanna atá ar an Aontas ina cháil mar chomhphobal luachanna, agus go háirithe don bharúil nach ndéanann an tAontas beart de réir a bhriathar. Dá dheasca sin, is minic a éilítear go ndéanfadh sé gníomhaíocht chinntitheach chun cur lena fhocal.

D'fhonn cur le meoin na comhpháirtíochta, iarrtar, ó am go céile i roinnt Ballstát, go gcuirfí dlús leis an obair chun '**comhfhéiniúlacht Eorpach**' a fhorbairt, rún nár fíoraíodh i ndáiríre go fóill, dar le roinnt mhaith saoránach. Aithnítear gurb iad an tsoghluaisteacht agus malartuithe, go háirithe i measc na n-óg, is mó a bheidh ag teastáil ionas go n-éireoidh leis an bpróiseas sin.

Cé go meastar gurb é bunfhréamh chomhphobail an Aontais ceangal na gcomhluachanna, creidtear gur tairbhe iontach í an **éagsúlacht** atá ar fáil ar fud na mBallstát. Dar le roinnt mhaith rannpháirtithe, ba cheart nach gcuirfí féiniúlacht Eorpach in ionad na bhféiniúlachtaí náisiúnta, ach go mairfeadh sé i gcomhthráth leo. Ar an dóigh chéanna, chuir roinnt saoránach i dtreis gur ghá cultúir éagsúla náisiúnta a urramú. Is minic a spreagtar machnamh ar shaincheisteanna institiúideacha mar gheall go maítear, i roinnt mhaith Ballstát, nach mór **éagsúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha** a urramú. D'ainneoin thuairim na coitiantachta nach suim le saoránaigh a leithéid, is díol spéise do roinnt mhaith ceist na n-**inniúlachtaí** faoi seach.

I gcomhréir le prionsabal na **coimhdeachta**, tá tromlach shaoránaigh na hEorpa ag súil go ndíreoidh an tAontas ar réimsí inar féidir leis **breisluach** a chur ar fáil. Athdhearbhaítear go rialta go bhfuil rath thionscadal na hEorpa ag brath go mór ar roinnt cheart na n-inniúlachtaí idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach. Ós sin mar atá, feictear go ndéanfaí dochar do dhearcadh na saoránach i leith an Aontais dá dtabharfaí de chúram don Aontas na réimsí sin ina bhféadfadh na Ballstáit torthaí níos fearr a bhaint amach, de bhrí go gcuirfeadh sé sin leis an mbearna idir an méid is féidir a dhéanamh agus an méid a bhfuiltear ag súil go ndéanfaí. Ar ndóigh níltear ar aon intinn maidir leis an roinnt ab oiriúnaí a dhéanamh ar na cumhachtaí, ach is tuairim do chách, nach mór, gurbh fhéidir feabhas a chur ar chúrsaí mar atá faoi láthair. Agus an méid sin ráite, tá tranglam ann maidir leis na hinniúlachtaí faoi seach atá ag na Ballstáit agus ag an Aontas, tranglam arb é is cúis, a deirtear go minic, le cuid den **mhímhuinín** atá in institiúidí in Aontais. Cuireann an **easpa a fheictear sa trédhearcacht** leis an easpa muiníne sin. Is minic a luaitear **easpa daonlathais** agus go gcreidtear gur ann don **rómhaorlathas**, fadhb lena mbaineann deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar chistí an Aontais.

**Focal scoir**

Ba dhíol sásaimh do na saoránaigh go ndeachthas i gcomhairle leo agus ba mhinic a tugadh moladh don iarracht seo tuairimí na saoránach a mheas. Sa mhéid sin, ba fhreagairt ann féin é seo don éileamh ginearálta go ndéanfadh an tAontas agus an tsochaí shibhialta rannpháirtíocht i ngnóthaí a chéile, rud a luadh go rialta sna pléití.

Ó tharla gur leag na saoránaigh béim sheasmhach air i rith na bpléití, is cosúil go bhfuil an-tábhacht ag baint le plé i bhfianaise na méine a bhí ag saoránaigh go mbeadh tuiscint níos fearr ar fheidhmiú an Aontais, agus ar an méid atá i gceist le ballraíocht ann. Iarradh arís agus arís eile go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí ascnamh a dhéanamh maidir le hoideachas ar an Aontas a fheabhsú. Dar le go leor saoránach, ba cheart an méid sin a dhéanamh trí bhíthin tionscnaimh dhírithe agus trí shimpliú a dhéanamh ar an teanga a úsáideann an tAontas ina chumarsáid leis na saoránaigh. Is minic a luaitear gurb é teanga fíordhoiléir na maorlathaithe is príomhbhac do shaoránaigh agus iad ag dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí.

Is léir freisin gur éirigh leis na pléití a eagraíodh sna Ballstáit éagsúla mar gur éilíodh go leanfaí leis an rannpháirtíocht. Feictear do na saoránaigh go bhfuil tábhacht ar leith le gníomhaíocht a spreagadh agus díospóireacht a dhéanamh, ar leibhéal an phobail, faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an Aontas. Le fírinne, rinneadh tionscnamh comhairliúcháin na saoránach ar shliocht tionscnaimh fhadbhunaithe eile a rinneadh i roinnt Ballstát arb é is aidhm leo idirphlé a chothú faoin Aontas ar leibhéal an phobail.

I bhfianaise an mhéid thuas, is iarracht í an tuarascáil seo léiriú a thabhairt ar phróiseas ag a bhfuil éagsúlacht foirme agus ábhair araon. Níl sé beartaithe gur achoimre chríochnaitheach é ar an rannpháirtíocht le saoránaigh ar an leibhéal náisiúnta, rud a leanfaidh ar aghaidh i bhfoirmeacha éagsúla. Ba cheart go dtuigfí, áfach, gur rannchuidiú é seo leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh rannpháirtíocht níos fearr a áirithiú leis an tsochaí shibhialta, d'fhonn eolas a chur ar fáil do na ceannairí agus an Eoraip a bheidh ann amach anseo á plé acu, agus an chéad chlár oibre straitéiseach eile á leagan síos acu.